C/2024/4261

1.7.2024

Fógra de bhun Airteagal 13 de Threoir 2001/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hatheagrú agus foirceannadh institiúidí creidmheasa a bhaineann le leachtú agus foirceannadh Cyprus Popular Bank Public Company LTD (Institiúid creidmheasa de chuid na Cipire atá faoi leachtú) (an 'Chuideachta') ina dhiaidh sin

(C/2024/4261)

Tugtar fógra duit leis seo, i gcomhréir le hAirteagal 234(2) de Dhlí na gCuideachtaí, Caibidil 113, go bhfuil Cruinniú Ginearálta de Chreidiúnaithe na Cuideachta á thionól ag Leachtaitheoir na Cuideachta, a bheidh ar siúl in Ollscoil na

hEorpa, an Chipir, Cultural Center, 6 Diogenous Street, 2404 Engomi, Nicosia, Dé Máirt an 9 Iúil 2024 ag 4:00 p.m.

Clár Oibre an Chruinnithe Ghinearálta:

Faisnéisiú le haghaidh chreidiúnaithe na Cuideachta maidir le dul chun cinn an leachtaithe agus maidir leis na gníomhartha a rinne an Leachtaitheoir ó dháta a cheapacháin go dtí dáta an Chruinnithe Ghinearálta.

Creidiúnaithe ar mian leo ionadaí a cheapadh ('seachvótálaí') chun freastal ar a son, ba cheart dóibh seachvóta ábhartha a líonadh isteach agus a chur chuig oifigí an Leachtaitheora ag

85 Limassol Avenue, 2121 Aglantzia, Nicosia, an Chipir, nó chuig Bosca Poist 55299, 3820 Limassol, tráth nach déanaí ná 12:00p.m Dé hAoine an 5 Iúil 2024. Is féidir an seachvóta a fháil ar an tairseach leachtaithe https://www.ips-docs.com/case/22WUC009CYP/Gn8@pXmv.

Augoustinos PAPATHOMAS

Leachtaitheoir

Gníomhaíonn an Leachtaitheoir mar ghníomhaire na Cuideachta gan aon dliteanas pearsanta